TUAIRIMÍ

COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA

AN 573ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE CHOISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA, 26.10.2022-27.10.2022

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le ceannasacht dhigiteach: colún tábhachtach do dhigitiú agus d'fhás an Aontais Eorpaigh

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 75/02)

Rapóirtéir: **Philip VON BROCKDORFF**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	An Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas
Dáta a glactha sa rannóg	7.10.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	26.10.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	573
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	185/0/3

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Ainneoin go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta chun cur le ceannasacht dhigiteach an Aontais Eorpaigh, táthar ag brath an iomarca i gcónaí ar chuideachtaí teicneolaíochta nach bhfuil bunaithe san Aontas Eorpach. Cuireann an méid sin teorainn le ceannaireacht agus uathriail straitéiseach an Aontais Eorpaigh sa saol digiteach agus, dá dhroim sin, le hacmhainneacht fáis eacnamaíoch an Aontais.

1.2. I dtimpeallacht ar líne ina bhfuil ceannas i gcónaí ag cuideachtaí teicneolaíochta neamh-AE, tá amhras ann faoin méid smachta atá ag saoránaigh, cuideachtaí agus rialtais an Aontais ar a gcuid sonraí digiteacha. B'fhéidir nach é sin an cheist is práinní sa tráth géarchéime seo, ach ní féidir beag is fiú a dhéanamh den riachtanas atá ann aghaidh a thabhairt ar cheist na ceannasachta digití.

1.3. I bhfianaise an méid sin, feictear do CESE nach mór don Aontas a spleáchas ar ollchuideachtaí teicneolaíochta neamh-AE a laghdú trí iarrachtaí níos tréine a dhéanamh geilleagar digiteach atá slán, cuimsitheach agus bunaithe ar luachanna a fhorbairt a mbeidh ar a chumas dul in iomaíocht le hollchuideachtaí teicneolaíochta neamh-AE agus trí bhéim a leagan ar an nascacht iontaofa, slándáil sonraí agus intleacht shaorga (IS).

1.4. Tá CESE á iarraidh, ar an ábhar sin, go ndéanfaí infheistíocht san earnáil dhigiteach agus go gcuirfí líon suntasach den infheistíocht sin i dtreo na huathrialach straitéisí oscailte sa gheilleagar digiteach. Mar chuid de sin, ba cheart infheistiú in acmhainní digiteacha, san oideachas agus sa ghairmoiliúint, i mbonneagar agus sa teicneolaíocht. Tá sé á iarraidh ag CESE go n-áiritheofaí cothroime iomaíochta sa chlaochlú digiteach d'fhonn is go gcosnófaí cearta oibrithe agus go bhféadfadh gnólachtaí den uile mhéid feidhmiú taobh le chéile agus dul chun cinn a dhéanamh saor ón rórialáil.

1.5. Tá CESE á thabhairt dá aire gur sócmhainní straitéiseacha tábhachtacha laistigh den Aontas Eorpach iad nuálaíochtaí amhail néalríomhaireacht agus IS agus go rannchuidíonn siad go mór le hacmhainneacht fáis gheilleagar an Aontais. Mar sin féin, tá an tAontas Eorpach ag titim siar sa rás domhanda chun teicneolaíochtaí nua sa saol digiteach a fhorbairt agus, i gcás teicneolaíochtaí áirithe, tá infheistíocht phríobháideach AE chun deiridh ar infheistíocht den sórt céanna sna Stáit Aontaithe agus sa tSín.

1.6. Tá CESE á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí athuair chun comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha i dteicneolaíochtaí digiteacha a bhunú agus go dtacófaí le taighde AE ar mhórscála i réimse na nuatheicneolaíochtaí agus é d'aidhm shonrach aige sin coinneáil céim ar chéim le hacmhainneachtaí taighde SAM agus na Síne.

1.7. Tá CESE á áitiú go bhfuil bacainní náisiúnta a chuireann isteach ar fhíormhargadh aonair a thabhairt i gcrích ar cheann de na cúiseanna leis na míchothromaíochtaí atá ann faoi láthair sa cheannasacht dhigiteach. Mar a sheasann cúrsaí faoi láthair, meascán de mhargaí náisiúnta níos lú is ea an margadh aonair go bunúsach agus níl an scála is gá ann chun gur féidir le cuideachtaí aonair Aontas-bhunaithe dul in iomaíocht le hollchuideachtaí digiteacha na linne seo. De bhreis air sin, tá leibhéil éagsúla forbartha digití, bonneagair agus acmhainneachtaí le feiceáil fud fad an Aontais.

1.8. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún dul ar aghaidh leis an gcreat rialála digiteach dá chuid a fhéachann le saoránaigh AE a chosaint ar ainmheasarthacht an tsaoil dhigitigh agus, san am céanna, creat a sholáthar le haghaidh timpeallacht níos daonlárnaí agus níos eiticiúla.

1.9. Beidh sé chomh tábhachtach céanna féachaint chuige go mbeidh ardáin ar líne, éiceachórais agus gníomhaíochtaí ar líne níos oscailte, níos cothroime agus níos intuartha agus breithniú a dhéanamh ar rialacha a thabhairt isteach maidir le trédhearcacht agus neodracht algartam, le comhroinnt sonraí agus leis an idir-inoibritheacht.

1.10. Tá CESE i bhfabhar na n-éileamh go bhforbródh an tAontas bonneagar néalríomhaireachta agus sonraí lena dtógfaí ar a cheannasacht dhigiteach agus trína dtabharfaí aghaidh ar an míchothromaíocht ollmhór, is é sin gur faoi cheannas cuideachtaí neamh-AE ar fad nach mór atá margadh na néalríomhaireachta agus na stórála sonraí.

1.11. Aithníonn CESE freisin go bhféadfadh an tAontas a bheith ina cheannaire domhanda i dtaca le bailiú agus próiseáil sonraí, rud is cnámh droma an gheilleagair dhigitigh é. Bheadh acmhainneacht ollmhór ag baint le creat sonraí AE chun sonraí a bhailiú agus a chomhroinnt in earnálacha straitéiseacha amhail an tsláinte, margadh an tsaothair agus an t-iompar.

1.12. Tá CESE á iarraidh go nuashonrófaí an beartas iomaíochta agus beartais cosanta tomhaltóirí sa Mhargadh Aonair. Fad atáthar i mbun an nuashonraithe sin, ba cheart díriú ar chleachtais shaobhacha cuideachtaí teicneolaíochta neamh-AE agus ar thionchar cuideachtaí digiteacha Síneacha san Aontas, tionchar atá ag dul i méid. Is díol sásaimh do CESE na forbairtí rialála atá déanta i dtaca leis sin, amhail an Gníomh um Margaí Digiteacha agus an Gníomh Eorpach um Shliseanna atá beartaithe.

1.13. Is feasach do CESE an ról lárnach atá ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) i múnlú cheannasacht dhigiteach an Aontais Eorpaigh, go háirithe trína n-idirghníomhaíochtaí le mórchuideachtaí teicneolaíochta an Aontais.

1.14. Agus ar deireadh, tá CESE á chur i bhfios a thábhachtaí atá an t-oideachas ar an uile leibhéal (cé acu gairmoideachas nó oideachas acadúil atá i gceist) chun ceannasacht dhigiteach an Aontais a fhorbairt.

2. **Cúlra**

2.1. D'fhéadfaí a rá gurb éard is ceannasacht dhigiteach ann neamhspleáchas a bheith ag rialtais agus gnólachtaí a gcuid sonraí, crua-earraí agus bogearraí féin a bhainistiú agus a bhunú. Tá imní á léiriú le tréimhse rófhada faoina spleáiche atá an tAontas ar líon beag cuideachtaí teicneolaíochta móra ar cuideachtaí iad a oibríonn lasmuigh den Aontas Eorpach.

2.2. Meastar go bhfuil 92 % de na sonraí uile sa domhan Thiar á stóráil ar fhreastalaithe ar le SAM iad, rud is fianaise ar a spleáiche atá an tAontas ar chuideachtaí teicneolaíochta neamh-AE. San áireamh ansin tá sonraí ar líne, sonraí a aisghabhtar ó na meáin shóisialta agus sonraí a bhíonn á riar ag rialtais náisiúnta ([1]).

2.3. Ní nach ionadh, mar thoradh ar an staid sin, tá breis imní ann nach bhfuil smacht iomlán ag gnólachtaí AE agus ag rialtais náisiúnta ar shonraí agus go bhfuil siad ag brath go mór ar chuideachtaí teicneolaíochta móra neamh-AE, rud a fhágann gur deacra do chuideachtaí teicneolaíochta atá bunaithe san Aontas dul san iomaíocht lena gcontrapháirtithe sna Stáit Aontaithe. Ábhar imní eile is ea go bhfuil acmhainn an Aontais reachtaíocht a fhorfheidhmiú go héifeachtach sa timpeallacht dhigiteach ag trá de réir a chéile.

2.4. Is ábhar imní é go gcuireann an róbhrath sin ar chuideachtaí teicneolaíochta SAM-bhunaithe teorainn le ceannaireacht agus uathriail straitéiseach an Aontais sa saol digiteach, rud a d'fhéadfadh, ar a sheal, teorainn a chur le hacmhainneacht fáis eacnamaíoch an Aontais. Ní féidir beag is fiú a dhéanamh de thionchar eacnamaíoch cuideachtaí teicneolaíochta nach cuideachtaí Aontas-bhunaithe iad. Is amhlaidh atá maidir lena dtionchar ar shaoránaigh AE agus a bpatrúin tomhaltais siúd agus maidir leis an dóigh a dtéann siad i bhfeidhm ar an idirghníomhaíocht a dhéanann saoránaigh lena gcomhshaoránaigh san Aontas agus lasmuigh de.

([1]) https://www.weforum.org/agenda/2021/03/europe-digital-sovereignty/

2.5. Sa lá atá inniu ann tá cuideachtaí teicneolaíochta móra neamh-AE ann a bhfuil i bhfad níos mó ar eolas acu fúinn féin ná ár ndlúthbhaill teaghlaigh agus ár ndlúthchairde, b'fhéidir, agus is ábhar imní an easpa príobháideachais sin. Go deimhin, ní muidne ach na cuideachtaí teicneolaíochta móra a rialaíonn ár gcuid sonraí ar líne, agus tá an gréasán fós neamhrialáilte den chuid is mó. Tá iarrachtaí déanta, amhail Rialachán Ginearálta AE maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ([2]), chun rialacha nua a shainiú don bhóthar amach romhainn. Is é an deacracht atá ann go bhfuil cuideachtaí teicneolaíochta i bhfad chun tosaigh ar an Aontas ó thaobh aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin. Is minic a bhíonn cuideachtaí teicneolaíochta móra ag oibriú i réimsí ina mbíonn buntáiste faisnéise suntasach acu ar na rialtóirí agus, tríd is tríd, bíonn siad saor chun gluaiseachtaí saoránach ar líne a rianú, faisnéis a bhailiú lena linn, agus na léargais sin a shaothrú le brabús a dhéanamh.

2.6. Os a choinne sin, shainaithin Uachtarán an Choimisiúin go raibh an beartas digiteach ar na príomhthosaíochtaí dá téarma oifige 2019-2024, agus thug sí gealltanas maidir le ceannasacht theicneolaíoch. Tá bealach fada romhainn go fóill, áfach, leis sin a bhaint amach agus tá imní léirithe ag an gCoimisiún féin faoi chuideachtaí teicneolaíochta móra neamh-AE a bheith ag tabhairt neamhaird ar rialacha agus croíluachanna an Aontais. Le blianta beaga anuas, chomhdhlúthaigh an geilleagar idirlín timpeall ar na hollchuideachtaí teicneolaíochta sin, comhlachtaí a bhaineann leas as fianáin chun sonraí a rialú agus leanúint dá gcumhacht mhargaidh olagaplach. Óna taobh féin de, tá imní léirithe ag Parlaimint na hEorpa maidir leis na bagairtí slándála atá nasctha le láithreacht mhéadaitheach theicneolaíoch na Síne san Aontas, agus go sonrach, d'iarr sí go ndéanfaí gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun tionchar na Síne sa bhonneagar 5G, tionchar atá ag dul i méid, a laghdú.

2.7. Is ábhar imní é go bhfuil earnálacha iomlána de gheilleagar an Aontais fós ag brath go mór ar ardáin mhóra ar líne ar le cuideachtaí neamh-AE iad. Ceiltear a gceannasacht dhigiteach ar na Ballstáit sa tslí sin i bpríomhréimsí amhail cóipcheart, cosaint sonraí, agus cánachas. Leathadh an t-imní sin chuig réimsí eile freisin amhail ríomhthráchtáil agus bréagaisnéis ar líne.

2.8. I dtimpeallacht ar líne ina bhfuil cuideachtaí teicneolaíochta neamh-AE in uachtar, tá ceist ann faoi cé acu an mbeidh saoránaigh AE in ann smacht a fháil arís ar a sonraí digiteacha agus ar féidir leis an Aontas aghaidh a thabhairt ar an míchothromaíocht ceannasachta digití go héifeachtach agus laistigh de thréimhse ama réasúnta. Gheofar léargais ar na ceisteanna sin i ranna 3 agus 4.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Ar an gcéad dul síos, ní mór don Aontas Eorpach a spleáchas ar ollchuideachtaí teicneolaíochta neamh-AE a laghdú trí iarrachtaí níos tréine a dhéanamh chun geilleagar digiteach atá slán, cuimsitheach agus bunaithe ar luachanna a fhorbairt a mbeidh ar a chumas dul in iomaíocht le hollchuideachtaí teicneolaíochta neamh-AE agus trí bhéim a leagan ar an nascacht iontaofa, slándáil sonraí agus intleacht shaorga (IS). Measann CESE gur den ríthábhacht an geilleagar digiteach a bheith bunaithe ar luachanna agus tá béim á leagan aige ar an ngné shóisialta agus eiticiúil de agus ar chearta oibrithe i ngeilleagar digiteach.

3.2. Mar fhreagairt ar na forbairtí sa gheilleagar digiteach, dhréachtaigh an Coimisiún Compás Digiteach dréachtaithe in 2021 do dheacáid dhigiteach an Aontais ina ndírítear ar bhonneagair, ar rialtas, ar ghnólachtaí agus ar scileanna. Leis an gCompás sin, leagtar síos spriocanna ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, moltar creat rialachais comhpháirteach láidir a thabhairt isteach chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí agus moltar freisin tionscadail iltíre bhreise a chur ar bun ina gcomhcheanglaítear infheistíochtaí ón Aontas, ó na Ballstáit agus ón earnáil phríobháideach. I dteannta an Chompáis tá an Gníomh um Margaí Digiteacha, creat reachtach arb é is aidhm dó leibhéal níos airde iomaíochta a chothú i Margaí Digiteacha na hEorpa trí chosc a chur ar chuideachtaí móra mí-úsáid a bhaint as a gcumhacht mhargaidh agus trí ligean do ghníomhaithe nua dul isteach sa mhargadh. Tá sé d'aidhm ag an nGníomh Eorpach um Shliseanna a beartaíodh le déanaí táirgeadh micrishliseanna a mhéadú ar fud an Aontais chun freagairt don éileamh atá ag dul i méid agus chun spleáchas ar sholáthraithe ó lasmuigh den Eoraip a laghdú. Chuirfeadh sé sin srian le ceannas na Síne go háirithe i dtáirgeadh sliseanna leathsheoltóra.

3.3. Agus geilleagar an Aontais ag teacht ar ais chuige féin tar éis na paindéime, agus i bhfianaise praghsanna atá ag dul i méid, tá sé á iarraidh ag CESE go gcuirfí an Compás Digiteach chun feidhme go rathúil agus go gcuirfeadh rialtais an Aontais dreasachtaí ar fáil do ghnólachtaí chun tuilleadh infheistíochta a dhéanamh in acmhainní digiteacha agus in acmhainní daonna. Chuirfeadh an infheistíocht borradh faoin uathriail straitéiseach i gclaochlú digiteach gheilleagar an Aontais. Meastar freisin gur den ríthábhacht é go ndéanfadh rialtais an Aontais Eorpaigh infheistíocht chun feabhas a chur ar acmhainní digiteacha, ar bhonneagar digiteach agus ar theicneolaíochtaí digiteacha.

3.4. Tá CESE á thabhairt dá aire gur sócmhainní straitéiseacha tábhachtacha laistigh den Aontas Eorpach iad nuálaíochtaí amhail néalríomhaireacht agus IS agus go rannchuidíonn siad go mór le hacmhainneacht fáis gheilleagar an Aontais. Mar sin féin, tá an tAontas Eorpach fós ag titim siar sa rás domhanda chun teicneolaíochtaí nua sa saol digiteach a fhorbairt. I

([2]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

gcás IS, mar shampla, tá infheistíocht phríobháideach AE ag titim chun deiridh ar infheistíocht den sórt céanna sna Stáit Aontaithe agus sa tSín. Is amhlaidh an scéal sin i gcás teicneolaíochtaí bailithe sonraí agus teicneolaíochtaí rochtana ar shonraí agus ríomhaireacht chandamach, agus infheistíocht AE sna teicneolaíochtaí blocshlabhra agus in Idirlíon na Rudaí Nithiúla ag titim chun deiridh ar infheistíocht den sórt céanna sna Stáit Aontaithe agus sa tSín.

3.5. Tá CESE á thabhairt dá aire freisin gur cuireadh ionstraimí airgeadais éagsúla ar bun chun an bhearna a chúngú i gcomparáid le hinfheistíocht SAM agus na Síne i dteicneolaíochtaí digiteacha. D'fhéadfadh na hionstraimí sin a bheith mar bhonn taca faoi thaighde agus nuálaíocht i réimse na dteicneolaíochtaí digiteacha ach, faoi mar a thugtar le fios i bpointe 3.3, beidh gá le hinfheistíocht bhreise, agus tá CESE á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí athuair chun comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha i dteicneolaíochtaí digiteacha a bhunú agus go dtacófaí le taighde AE ar mhórscála i réimse na nuatheicneolaíochtaí agus é d'aidhm shonrach aige sin coinneáil céim ar chéim le hacmhainneachtaí taighde SAM agus na Síne.

3.6. Tá CESE den tuairim go bhfuil níos mó i gceist le ceannasacht dhigiteach ná teacht aniar an Aontais nó é a bheith chun cinn ar an gcuar digiteach. Ní ceist í, ach an oiread, i dtaobh cé acu an mbaineann nó nach mbaineann ceannasacht dhigiteach le caomhnaitheacht bunaidh san Aontas Eorpach. Baineann sé le cothroime iomaíochta a chruthú le haghaidh cuideachtaí teicneolaíochta Aontas-bhunaithe d'fhonn, mar a léirítear i dteideal na tuairime féintionscnaimh seo, feabhas a chur ar acmhainneacht fáis eacnamaíoch AE, rud a rachaidh chun tairbhe do shochaí an Aontais i gcoitinne.

3.7. Tá cúiseanna bailí ann le cóir níos fabhraí a chur ar chuideachtaí teicneolaíochta Aontas-bhunaithe ná ar chuideachtaí neamh-AE má tá siad le bheith i dtús cadhnaíochta mar phríomhcheannairí digiteacha domhanda. Mar sin féin, áitíonn CESE go bhfuil bacainní náisiúnta a chuireann isteach ar fhíormhargadh Aonair a thabhairt i gcrích ar cheann de na cúiseanna leis na míchothromaíochtaí reatha sa cheannasacht dhigiteach. Mar a sheasann cúrsaí faoi láthair, meascán de mhargaí náisiúnta níos lú is ea an margadh aonair go bunúsach agus níl an scála is gá ann chun gur féidir le cuideachtaí aonair Aontas-bhunaithe dul in iomaíocht le leithéidí Microsoft. Tá leibhéil éagsúla forbartha agus bonneagar le feiceáil ar fud an Aontais freisin. Ní haon iontas, mar sin, gur cuideachtaí neamh-AE den chuid is mó atá sa mhargadh digiteach i gcónaí.

3.8. Tá CESE den tuairim freisin, ach aghaidh a thabhairt ar an gceannasacht dhigiteach, go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar ábhair imní i ndáil le príobháideachas agus sonraí pearsanta, cánachas, sonraí agus soláthar rialtais. Ní tharlóidh an méid sin thar oíche, áfach, ainneoin creat rialála níos stóinsí a bheith ann. Is réimse conspóideach é an cánachas go háirithe mar go bhféadfadh cuideachtaí teicneolaíochta SAM-bhunaithe ioncaim a dhíorthú trí idirghníomhaíochtaí le cliaint san Aontas, as a n-eascraíonn ceist faoi láithreacht fhisiceach, rud is cúis le dliteanas cánach de ghnáth.

3.9. Ar deireadh, tá sé curtha i bhfáth ag CESE cheana féin, i dtuairim eile uaidh ([3]), a thábhachtaí atá an cheannasacht dhigiteach mar phríomhcholún d'fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na hEorpa agus chuir sé i bhfáth freisin nach mór an cheannasacht sin a bhunú ar iomaíochas domhanda agus ar chomhar láidir idir na Ballstáit. Réamhchoinníoll bunriachtanach atá sa mhéid sin, má tá an tAontas le bheith ar thús cadhnaíochta go hidirnáisiúnta, go háirithe i ndáil le hiontaofacht teicneolaíochtaí digiteacha.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit an creat rialála digiteach a fhéachann le saoránaigh AE a chosaint ar ainmheasarthacht an tsaoil dhigitigh a chur chun feidhme go héifeachtach agus, ag an am céanna, creat a sholáthar le haghaidh timpeallacht níos daonlárnaí agus níos eiticiúla. Tá CESE den tuairim gur cheart earnáil dhigiteach an Aontais a bhainistiú ar dhóigh níos éifeachtaí trí bhíthin an chreata rialála. Ina theannta sin, ba cheart cosaint oibrithe agus an ceart chun cómhargála an t-aistriú digiteach a éascú. San am céanna, ba cheart deis leordhóthanach a thabhairt do chuideachtaí teicneolaíochta an Aontais a bheith nuálach agus dlús a chur lena n-iarrachtaí chuige sin i gcomparáid le cuideachtaí teicneolaíochta neamh-AE, agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta á spreagadh nuair is féidir.

4.2. Ach rialacha a leagan síos le haghaidh sonraí AE, éireoidh an tAontas níos ceannasaí go teoiriciúil ach ní leor sin chun tionchar chuideachtaí teicneolaíochta an Aontais a chur ar comhchéim le tionchar domhanda cuideachtaí neamh-AE. Ní bhainfear é sin amach gan treoir pholaitiúil, infheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht agus aghaidh a thabhairt ar easnaimh reatha an Mhargaidh Aonair.

4.3. Fágann sin go nglacfar cur chuige níos réamhbhreathnaithí i leith an chreata rialála lena múnlófar an geilleagar digiteach sna blianta atá le teacht. Beidh sé chomh tábhachtach céanna na hardáin ar líne, éiceachórais agus gníomhaíochtaí ar líne a dhéanamh níos oscailte, níos cothroime agus níos intuartha agus rialacha á mbreithniú lena rialófar trédhearcacht agus neodracht na n-algartam, agus comhroinnt sonraí agus an idir-inoibritheacht.

([3]) IO C 365, 23.9.2022, lch. 13.

4.4. I ndáil le ceannasacht dhigiteach an Aontais a thógáil, tá CESE á iarraidh go mbeadh comhordú breise idir dlínsí náisiúnta agus, go háirithe, idir na rialtóirí sa réimse sin. Beidh athmhachnamh le déanamh ar na struchtúir rialachais reatha chun an t-idirghníomhú ar fud na mBallstát a neartú agus chun comhchinnteoireacht sa réimse digiteach a éascú. Dar le CESE, is den riachtanas é sin chun tacú le hiarrachtaí chun cineál éigin ceannasachta digití a bhaint amach. San am céanna, tá rabhadh á thabhairt ag CESE maidir le rórialáil, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar an bhfás eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann.

4.5. Tá CESE i bhfabhar na n-éileamh go bhforbródh an tAontas bonneagar néalríomhaireachta agus sonraí lena dtógfaí ar a cheannasacht dhigiteach agus trína dtabharfaí aghaidh ar an míchothromaíocht ollmhór, is é sin gur faoi cheannas cuideachtaí neamh-AE ar fad nach mór atá margadh na néalríomhaireachta agus na stórála sonraí. Chuideodh an méid sin freisin le rioscaí slándála do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh a laghdú. I ndáil leis sin, tá CESE á athdhearbhú go dtacaíonn sé leis an tionscnamh maidir le tionscadal Gaia-X, a fhéachann le timpeallacht shlán a chur ar fáil le haghaidh bainistiú sonraí do shaoránaigh, gnólachtaí agus rialtais.

4.6. Aithníonn CESE freisin go bhféadfadh an tAontas a bheith ina cheannaire domhanda i dtaca le bailiú agus próiseáil sonraí, rud is cnámh droma an gheilleagair dhigitigh é. Bheadh acmhainneacht ollmhór ag baint le creat sonraí Aontais chun sonraí a bhailiú agus a chomhroinnt in earnálacha straitéiseacha amhail an tsláinte, margadh an tsaothair agus an t-iompar. Chuirfí rochtain ar shonraí uile-Aontais ar fáil do shaoránaigh agus gnólachtaí (i gcomhréir leis na rialacha maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí) agus chuirfí leis an éifeachtúlacht sa mhargadh aonair.

4.7. I ndáil leis sin, tá CESE á iarraidh go nuashonrófaí an beartas iomaíochta sa mhargadh aonair agus go dtabharfaí aghaidh ar na míchothromaíochtaí atá ann. Fad atáthar i mbun an nuashonraithe sin, ba cheart díriú ar chleachtais shaobhacha cuideachtaí teicneolaíochta neamh-AE agus ar thionchar cuideachtaí digiteacha Síneacha san Aontas, tionchar atá ag dul i méid.

4.8. Má táthar chun ceannasacht dhigiteach a bhaint amach, is eol do CESE go mbeifear ag brath cuid mhaith ar na nithe seo a leanas: (i) an chaoi a rachaidh cuideachtaí teicneolaíochta atá bunaithe san Aontas in oiriúint don chreat reachtaíochta; (ii) na bearta chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa mhargadh aonair; (iii) taighde agus nuálaíocht AE-bhunaithe sa réimse digiteach agus (iv) deiseanna infheistíochta. San am céanna, is maith is eol do CESE go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag FBManna i múnlú cheannasacht dhigiteach an Aontais Eorpaigh. B'fhéidir nach mbeadh na hacmhainní airgeadais ag na FBManna chun an geilleagar digiteach a mhúnlú go díreach, ach is cinnte go bhféadfaidís rannchuidiú leis trí idirghníomhaíochtaí le mórchuideachtaí teicneolaíochta AE.

4.9. Agus ar deireadh, tá CESE á chur i bhfios a thábhachtaí atá an t-oideachas ar an uile leibhéal (cé acu gairmoideachas nó oideachas acadúil atá i gceist) chun ceannasacht dhigiteach an Aontais a fhorbairt; ní mór d'institiúidí oideachais infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus nuálaíocht ábhartha agus ní mór creat pearsanra cháilithe a chruthú a mbeidh ar a chumas tacú le straitéis dhigiteach an Aontais Eorpaigh. Táthar á mholadh freisin cur chuige comhordaithe a ghlacadh ar fud na n-institiúidí oideachais san Aontas.

An Bhruiséil, an 26 Deireadh Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG